C/2024/681

9.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11421 — JSW / JFE /JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/681)

1. An 21 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— JFE Steel Corporation ('JFE', an tSeapáin), faoi rialú JFE Holdigs, Inc, cuideachta atá liostaithe go poiblí,

— JSW Steel Limited ('JSW', an India), cuideachta atá liostaithe go poiblí,

— JSW Electrical Steel Private Limited ('JV', an India), cuideachta theoranta phríobháideach nuachruthaithe.

Gheobhaidh JFE agus JSW rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir cruach comhtháite é JFE a bhíonn ag gabháil don phróiseas déanta cruach iomlán, ag glacadh amhábhar amhiarainn agus táirgí deiridh á ndéanamh astu. Táirgeann JFE leatháin, plátaí, cruthanna, píopaí agus feadáin, cruach dhosmálta agus speisialtachta, cruacha leictreacha, barraí agus slata sreinge, agus púdair iarainn,

— Is é JSW an gnó suaitheanta de JSW Group éagsúlaithe, a fheidhmíonn mar mhonaróir comhtháite de réimse éagsúil táirgí cruach agus iarainn. Cuimsíonn oibríochtaí JSW mianadóireacht, próiseáil amhábhar, monarú cruach agus táirgí breisluacha iartheachtacha,

— Beidh an JV gníomhach i ndéantúsaíocht agus i ndíol táirgí cruach leictreacha dírithe ar ghráin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11421 — JSW / JFE /JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË